

CAISLEÁN MHION LOCH

An chaoi ar bhain na Flaithbheartaigh amach Connamara dhe Iarla Chlanna Riocaird.

An tIarla mór abhí ina chomnuidhe ann (Iarla Chlann Riocaird) bhí sé ag tóigeál cíós ar Chonamara agus ní raibh i gConamara uilig ach Flaithbheartaigh-(mar a raibh beagán). An fear abhí ansoin a tóigeál an chíós aige chuaidh sé thart agus ní bhfuair sé pinginn cíós. Nuair a chuaidh sé sin abhaile ansoin chuir sé an mac amach. An chéad teach a dtáinig an mac isteach ann bhí cúlach (comhla) 'sa doras agus maide bradach (Trap Door) thíos faoi gcúlach agus nuair a sheas seiseane ar an gcúlath chuaidh sé síos 'sa bpoll agus níor fhéud sé theacht aníos gur baineadh an cloigeann de. Nuair abhí an cloigeann bainte acab dhe thug siad aníos é. Bhí na bailteacha ar fad cruinnighthe ann agus chuaidh siad 'un cainte le na chéile cé acab a thiúbhfhadh an cloigeann abhaile ag an athair. An fear a dtáinig sé ar a chrann an cloigeann a thabhairt abhaile ba as Mágh Cuilinn é. Thug sé leis a chapall agus chuir sé an cloigeann síos a mála agus chuir sé ar thosach a chapaill é. Ní raibh aon bhóthar a dul isteach go Gaillimh san án sin ná aon droichead ar abhainn ach droichead Sráid Naomh Doimnic.

Chuaigh sé suas Sráid Naomh Doimnic agus suas thríd a mbaile mór agus soir a bóthar beag agus bhí cúl bhóthar ag imteacht as a mbóthar beag a dhul go Míon Loch agus cuaidh sé an bóthar seo go dtáinig sé ag a gcaisleán. Nuair a tháinig sé ag a gcaisleán b'é an córna nua acab é. Bhí neart saighdiur ann agus nuair a chonnaic siad an mála shíl siad gur mála óir abhí aige agus bhí a lámha shuas acab agus leig siad isteach sa gcúirt é. Níor stop sé ansoin go ndeachaidh sé suas ar a bparlús gur leag sé an mala ar a mbord ag an athair agus gur shiubhail sé amach agus go ndeachaidh sé a' marcúigheach ar a chapall agus gur thug sé bóthar di chomh tréan agus d'fhead sé an bealach a dtáinig sé. Nuair a fritheadh amach ansoin céurd abhí 'sa mala cuireadh na saighdiúir ina dhiadh. Siar ag Magh Cuilinn a cuireadh an capall ó shiubhal air a chaitheamh léithi agus thainig seisean anuas dhe. Bhí na Flaithbheartaigh ar chaon taobh dhen bóthar ansoin isteach go Gaillimh agus níor fhag siad duine ariamh de na saighdiúir beo. Níor iarr an tíarla aon phingin cíós ina dhiadh sin agus bhí Conamara saor ag na Flaithbheartaigh.

2/8/31.